1. Cad a rinne tú an tseachtain seo caite? What did you do this past week?

Bhí mé ag ceolchoirm. *I was at a concert.*

Cá ndeachaigh tú? Where did you go?

Chuaigh mé go bialann galánta. *I went to a fancy restaurant.*

Cad a chonaic tú? What did you see?

Chonaic mé an bháisteach. *I saw the rain.*

2. An maith leat Lá an Altaithe? Cad a dhéanfaidh tú? Do you like Thanksgiving? What will you do?

Is maith. Beidh dinnéar mór agam le mo mhuintir. *Yes. I will have a big dinner with my family.*

3. Cén am den bhliain is fearr leat agus cén fáth? What time of the year is your favorite and why?

Is breá liom an t-earrach mar bíonn an aimsir go deas. *I love the spring because the weather is nice.*

Amhrán na Mara (Úna Levy) — Song of the Sea

1.	Tógann sruth na habhann Ben isteach i bpluais, áit ina bhfuil seanduine gruagach ina chónaí.	The flow of the river takes Ben into a cave, where a hairy old man lives.
2.	An Seanchaí Mór atá ann. Istigh i ngach aon ribe gruaige, tá ceangal ann le scéal miotasach.	He's the Great Seannachie. In every strand of hair, there is a connection to a mythological story.
3.	Taispeánann sé scéal Mac Lir do Bhen, mar a rinne a mháthair iarracht crá croí an fhathaigh a leigheas trína chuid mothúcháin a thabhairt air siúl.	It shows the story of Mac Lir to Ben, how his mother tried to heal the heartbreak of the giant by taking his feelings away.
4.	Taispeánann ribe eile go bhfuil ulchabháin Mhacha tar éis greim a fháil ar Shaoirse!	Another strand shows that Macha's owls have just caught Saoirse.
5.	Tá Ben trína chéile gur lig sé do seo tarlú dá dheirfiúr.	Ben is upset that he allowed this to happen to his sister.
6.	Dar leis an seanchaí áfach, má leanann Ben an ribe gruaige, tiocfaidh sé ar Shaoirse, ach beidh contúirtí móra ann.	According to the seannachie, though, if Ben follows the strand of hair, he will come to Saoirse, but there will be great dangers.
7.	Tá rún daingean ag an fhear óg Saoirse a shábháil agus beireann sé ar an ribe.	The young man has a firm intention to save his sister and he grabs onto the strand.
8.	Leanann sé é ar a cheithre bhonn trí tholláin uaibhreacha is síos aillte crochta. Tagann Ben chuig uaimh ollmhór.	He follows it on all fours through lonely tunnels and down steep cliffs. Ben comes to a giant cave.
9.	Casann agus rothlaíonn na ribí fada gruaige thart ag taispeáint dó gach a tharla an oíche a d'imigh a mháthair: i ndiaidh di an sliogán a thabhairt dó is Amhrán na Mara a mhúineadh dó.	The long strands of hair turn and roll about showing everything that happened the night his mother left, after giving the shell to hime and teaching him the Song of the Sea.
10.	Feiceann sé mar a theith sí isteach san fharraige lena babaí a shábháil, mar a caitheadh Saoirse bheag aníos ar an chladach áit a fuair Conor í.	He sees how she fled into the sea to save her baby, how little Saoirse was cast up on the shore where Conor found her.

11.	Feiceann Ben mar a dhiúltaigh sé féin a dheirfiúr bheag an chéad lá riamh.	Ben sees how he rejected his little sister for the first time.
12.	Caithfidh Ben rudaí a chur ina gceart agus ritheann sé chun tosaigh níos faide isteach san uaimh.	Ben has to set things right and he runs ahead further into the cave.
13.	Faoi dheireadh tagann sé amach i ngleann dorcha. Tá teach beag sceirdiúil ann ar oileán i lár locha.	At last he comes out in a dark glen. There is a small wind-swept house there in the middle of a lake.
14.	Slogann Ben an eagla atá air, cuireann a spéaclaí 3-T (tríthoiseach) air agus léimeann sé ó chloigeann go cloigeann ar dhealbha cloiche anonn chuig an teach,	Ben swallows his fear, puts on his 3-D glasses and jumps from head to head on stone statues over to the house,
15.	gach cloigeann ag tabhairt rabhaidh dó faoin chontúirt: “Bí cúramach. Coimhéad na prócaí. Seachain Cailleach na nUlchabhán.”	every head warning him about the danger: “Be careful. Watch the jars. Avoid the Owl Witch.”
16.	Radann Ben doras theach Mhacha isteach, réidh don troid. Istigh, tá seanbhean mhór ag ól tae cois tine.	Ben flings himself in Macha’s door, ready for the fight. Inside, there is a large old lady drinking tea, by the fire.
17.	Caite thart ar urlár an tseomra, tá cuid mhór prócaí draíochta.	Thrown about on the floor of the room, there are a large number of magic jars.
18.	Istigh i ngach ceann acu tá córas aimsire: néalta fearthainne, tuartha ceatha daite, grian lonrach. Ach cá bhfuil Saoirse?	Inside each one of them is a weather system: rain clouds, colorful rainbows, a shiny sun. But where is Saoirse?
19.	Tá a dheirfiúr slán sábháilte, a deir Macha, agus thig léi cuidiú le Ben fosta.	His sister is safe and sound, says Macha, and she can help Ben, too.
20.	Míníonn Macha dó mar a cuidigh sí leis na síoga eile trína mothúcháin a thógáil uathu lena saorú ó phian.	Macha explains to him how she helped the other fairies by taking their feelings from them to free them from pain.

21.	B'fhéidir gur mhaith le Ben fáil réidh leis na mothúcháin is measa atá aige. Chuimhníonn sé ar an oíche a chaill sé a mháthair.	Maybe Ben would like to get rid of the worst feelings he has. He remembers the night he lost his mother.
22.	Tosaíonn Macha ar Ben a mhealladh ag cur cathú air. Nárbh fearr dó a chuid tocht a ligint uaidh is a chur i bpróca draíochta?	Macha begins to entice Ben, tempting him. Wouldn't he like to let go of his grief and put it in a magic jar?
23.	Tafann Chú a mhúsclaíonn Ben ó gheasa Mhacha agus tarraingíonn sé ar shiúl ó phróca na caillí.	Cu's barking wakes Ben from Macha's spell and pulls him away from the witch's jar.
24.	Ó thuas staighre atá an tafann ag teacht. Ritheann Ben in airde. Tá leath de chorp Mhacha ina chloch agus tá sí mall ag bogadh ina dhiaidh.	The barking is coming from upstairs. Ben runs up. Half of Macha's body is stone and she's slow in moving after him.

	Ceisteanna	**Questions**
1.	Cé hé an seanduine gruagach?	Who is the hairy old man?
2.	Cén rud suntasach a bhaineann le gruaig an tseanfhir?	What significant thing pertains to the old man's hair?
3.	Cad a tharla do Shaoirse?	What happened to Saoirse?
4.	Cad a tharlóidh má leanann Ben an ribe gruaige?	What will happen if Ben follows the stand of hair?
5.	Cad a fheiceann Ben agus é san uaimh ollmhór?	What does Ben see when he's in the giant cave?
6.	Cá bhfuil an teach beag sceirdiúil?	Where is the bleak little house?
7.	Conas a shroicheann Ben an teach?	How does Ben reach the house?
8.	Cé a fheiceann Ben sa teach?	Who does Ben see in the house?
9.	Cad atá sna prócaí ar an urlár?	What is in the jars on the floor?
10.	Dar le Macha, conas a chabhraigh sí leis na síoga?	According to Macha, how did she help the fairies?
11.	Cad atá Macha ag iarraidh?	What does Macha want?
12.	Cad a tharlaíonn nuair a thosaíonn Cú ag tafann?	What happens when Cu starts barking?